C/2024/7270

5.12.2024

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 17 Bealtaine 2023

lena ndearbhaítear go bhfuil comhchruinniú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE

(Cás M.10438 — MOL / OMV SLOVENIJA)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2023)3183)

(is é an leagan Béarla amháin atá barántúil)

(C/2024/7270)

An 17 Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún Cinneadh i gcás cumaisc faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(2) den Rialachán sin. Is féidir leagan neamhrúnda den Chinneadh iomlán a fháil i mBéarla ar shuíomh gréasáin Ard--Stiúrthóireacht na hIomaíochta, ag an seoladh a leanas: https://competition-cases.ec.europa.eu/search

1. NA PÁIRTITHE

(1) MOL Hungarian Oil and Gas Plc. ('MOL' nó 'an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige'), a bhfuil a cheanncheathrú san Ungáir, máthairchuideachta MOL Group, ilchuideachta ola agus gáis atá comhtháite go hingearach agus arb iad a phríomhghníomhaíochtaí na nithe a leanas: (i) taiscéalaíocht, táirgeadh agus scagadh amhola; (ii) dáileadh táirgí ola scagtha ar an leibhéal mórdhíola agus leibhéal miondíola araon; (iii) táirgeadh agus díol peitriceimiceán; (iv) taiscéalaíocht agus táirgeadh gáis nádúrtha; agus (v) tarchur gáis nádúrtha san Ungáir. Sa tSlóivéin, oibríonn MOL Group líonra de 53 stáisiún breosla faoi na brandaí MOL agus INA, agus tá sé gníomhach freisin i soláthar mórdhíola breoslaí mótair, biotúmain, ola téimh, gáis peitriliam leachtaithe ('GPL'), agus bealaí. Tá MOL gníomhach freisin, trína fhochuideachta INA, i roinnt margaí miondíola agus mórdhíola sa Chróit amhail soláthar breoslaí mótair (díosal agus gásailín), AdBlue, ola téimh nó biotúmain.

(2) OMV SLOVENIJA, trgovina z nafto in naftnimi derivati, d.o.o. ('OMV Slovenija' nó an 'Sprioc'), a bhfuil a cheanncheathrú sa tSlóivéin, oibríonn sé 119 stáisiún breosla sa tSlóivéin faoi na brandaí OMV, OMV Viva, Diskont, Avanti agus EuroTruck agus tá sé gníomhach freisin i soláthar mórdhíola breoslaí mótair, ola téimh agus biotúmain. Déanann OMV Slovenija díolacháin áirithe gásailín ón scaglann freisin, atá gearrtha amach as raon feidhme an Idirbhirt agus fanfaidh sé mar chuid de OMV Group. Sa Chróit, tá gníomhaíochtaí an-teoranta ag OMV Slovenija i mórdhíol breoslaí mótair, ola téimh agus ola breosla troime.

2. AN OIBRÍOCHT

(3) An 13 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ('an Rialachán um Chumaisc') trína bhfuil sé beartaithe ag MOL rialú aonair ar OMV Slovenija a fháil ó OMV Group trí cheannach scaireanna ('an tIdirbheart'). Tagraítear do MOL agus OMV Slovenija le chéile mar na 'Páirtithe'.

(4) An 22 Meitheamh 2022, bunaithe ar an imscrúdú tosaigh ar an margadh, chuir an Coimisiún amhras tromchúiseach in iúl maidir le comhoiriúnacht an Idirbhirt leis an margadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE, agus ghlac sé cinneadh chun imeachtaí a thionscnamh de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc (an 'Airteagal 6(1)(c) den Chinneadh'). Go sonrach, chuir an Coimisiún ábhair imní in iúl maidir leis an margadh le haghaidh soláthar miondíola breoslaí mótair sa tSlóivéin do chustaiméirí gnólacht le tomhaltóir (B2C) ó stáisiúin nach bhfuil ar an mótarbhealach (nó, i bhfianaise ghnéithe sonracha mhargadh na Slóivéine, ó 'stáisiúin nach stáisiúin DARS iad') ([2]). Thairis sin, ní raibh an Coimisiún in ann amhras tromchúiseach a chur as an áireamh maidir leis na margaí le haghaidh soláthar miondíola breosla mótair do chustaiméirí gnólacht le gnólacht (B2B) sa tSlóivéin agus le haghaidh soláthar mórdhíola gásailín agus díosail (ón scaglann agus neamh-mhiondíola) sa tSlóivéin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lgh. 1.

([2]) Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é Družba za avtoceste v Republiki Sloveniji (DARS) a chothaíonn na mótarbhealaí agus na luasbhealaí go léir sa tSlóivéin agus a dheonaíonn lamháltais d'oibreoirí stáisiún breosla.

(5) An 15 Iúil 2022, ghlac an Coimisiún dhá chinneadh de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán um Chumaisc lena gceanglaítear ar na Páirtithe an fhaisnéis iomlán a d'éiligh an Coimisiún in iarrataí éagsúla arna seoladh chuig na Páirtithe a sholáthar. Leis na cinntí sin cuireadh ar fionraí an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc, de bhun Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún ([3]).

(6) An 17 Márta 2023, rinne an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige na gealltanais agus an fhaisnéis riachtanach a bhí fós ag teastáil a chur isteach go foirmiúil, rud a chuir deireadh le fionraí na teorann ama, agus cuireadh tús léi arís an 20 Márta 2023. Ansin sheol an Coimisiún tástáil mhargaidh ar na gealltanais a cuireadh isteach. Bunaithe ar thorthaí na tástála margaidh, agus ar an measúnú ar na gealltanais, chinn an Coimisiún go gcuireann na gealltanais athbhreithnithe deireadh leis an imní a d'aithin an Coimisiún maidir le hiomaíocht a eascraíonn as an Idirbheart atá beartaithe.

3. **ACHOIMRE**

(7) Chuir an Coimisiún imní in iúl maidir le hiomaíocht i dtaobh soláthar miondíola breoslaí mótair sa tSlóivéin do chustaiméirí gnólacht le tomhaltóir (B2C) ó stáisiúin nach stáisiúin DARS iad a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(8) Bunaithe ar thorthaí na tástála margaidh, agus ar an measúnú ar na gealltanais, cuireann na gealltanais deireadh leis an imní a d'aithin an Coimisiún maidir le hiomaíocht a eascraíonn as an Idirbheart atá beartaithe

(9) Dá bhrí sin, tá cinneadh maidir le himréiteach de bhun Airteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc beartaithe lena ghlacadh.

4. **MARGAÍ TÁIRGÍ ÁBHARTHA**

(10) Sa Chinneadh, chinn an Coimisiún go n-eascraíonn na margaí seo a leanas a ndéantar difear dóibh go cothrománach as an Idirbheart:

(a) soláthar neamh-mhiondíola díosail agus gásailín sa tSlóivéin;

(b) soláthar neamh-mhiondíola ola téimh sa tSlóivéin;

(c) soláthar mórdhíola biotúmain sa tSlóivéin;

(d) soláthar miondíola breoslaí mótair sa tSlóivéin;

(e) soláthar miondíola AdBlue sa tSlóivéin;

(f) soláthar neamh-mhiondíola díosail agus gásailín sa Chróit;

(g) soláthar neamh-mhiondíola ola téimh sa Chróit; agus

(h) soláthar neamh-mhiondíola ola breosla troime sa Chróit.

(11) Thairis sin, eascraíonn na margaí a ndéantar difear dóibh go hingearach as an Idirbheart, agus baineann na príomh-mhargaí leis na naisc idir na margaí seo a leanas:

(a) soláthar díosail agus gásailín ón scaglann (margaí réamhtheachtacha) agus soláthar neamh-mhiondíola díosail agus gásailín (margaí iartheachtacha) sa tSlóivéin; agus

(b) soláthar mórdhíola (ón scaglann agus neamh-mhiondíola) díosail agus gásailín (margaí réamhtheachtacha) agus soláthar miondíola díosail agus gásailín (margaí iartheachtacha) sa tSlóivéin.

5. **MEASÚNÚ AR AN IOMAÍOCHT**

(12) Díríonn an Roinn seo ar an margadh inar mheas an Coimisiún go bhféadfadh an tIdirbheart bac suntasach a chur ar iomaíocht éifeachtach, i.e. an margadh le haghaidh soláthar miondíola breoslaí mótair sa mhargadh le haghaidh soláthar miondíola breoslaí mótair do chustaiméirí B2C ó stáisiúin nach stáisiúin DARS iad sa tSlóivéin.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú (IO L 133, 30.4.2004, lch. 1).

5.1.1. *Éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe sa mhargadh le haghaidh soláthar miondíola breoslaí mótair do chustaiméirí B2C ó stáisiúin ach stáisiúin DARS iad sa tSlóivéin*

(13) D'fhéadfadh bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh le haghaidh soláthar breosla miondíola ó stáisiúin nach stáisiúin DARS iad do chustaiméirí B2C a bheith mar thoradh ar an Idirbheart, mar a fógraíodh ar dtús é, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) Beidh sciartha arda den mhargadh comhcheangailte ag na Páirtithe ar an leibhéal náisiúnta ([40-50 %] de réir méid) agus, ar an leibhéal áitiúil, tá 85 dhobharcheantar achrannacha ann (i) ina mbeadh an sciar comhpháirteach den mhargadh atá ag na Páirtithe níos airde ná [40-50 %] agus (ii) ina dtiocfadh méadú níos mó ná 5 phointe céatadáin ar am sciar comhpháirteach den mhargadh atá ag na Páirtithe tar éis an Idirbhirt;

(b) is dlúthiomaitheoirí iad na Páirtithe sa tSlóivéin, agus is é Petrol an t-aon gníomhaí a théann san iomaíocht ar bhealach chomh dlúth céanna. Go sonrach, tá forluí an-suntasach idir líonraí na bPáirtithe, cuireann siad seirbhísí comhchosúla ar fáil, agus oibríonn siad faoi bhrandaí aitheanta sa mhargadh;

(c) chuirfeadh an tIdirbheart deireadh le fórsa iomaíoch tábhachtach sa mhargadh. Is gníomhaí dinimiciúil é MOL a thairgeann táirgí agus seirbhísí nua; tá athchóiriú déanta aige ar a stáisiúin go léir le blianta beaga anuas; tá a líonra leathnaithe go suntasach aige trí fhás orgánach agus neamhorgánach; agus tá méadú mór tagtha ar a fheasacht branda;

(d) Is dócha go mbainfidh Petrol, a fhanfaidh mar phríomhgníomhaí, tairbhe as aon mhéadú ar phraghsanna ag an eintiteas nua agus dá bhrí sin bheadh dreasacht níos lú aige dul san iomaíocht ná mar a bheadh murarbh ann don Idirbheart. Ní srianta inchreidte ar an iomaíocht iad na gníomhaithe beaga atá fágtha;

(e) tá bacainní suntasacha ar iontráil agus ar leathnú, agus caithfidh custaiméirí B2C glacadh leis na praghsanna gan aon chumhacht frithchúitimh a bheith acu.

5.1.2. *Éifeachtaí comhordaithe cothrománacha i margadh na Slóivéine le haghaidh soláthar miondíola breoslaí mótair do chustaiméirí B2C ó stáisiúin nach stáisiúin DARS iad*

(14) Measann an Coimisiún go bhféadfadh éifeachtaí comhordaithe cothrománacha a bheith ann mar thoradh ar an Idirbheart i margadh na Slóivéine le haghaidh soláthar miondíola breoslaí mótair do chustaiméirí B2C ó stáisiúin nach stáisiúin DARS iad.

(15) Maidir leis an gcumas téarmaí comhordaithe a bhaint amach, tugtar le fios le roinnt imscrúduithe in EEA a rinneadh san am a chuaigh thart agus atá ar siúl faoi láthair go bhfuil baol ann go ndéanfar comhordú ar an margadh le haghaidh soláthar miondíola breoslaí mótair, go príomha mar gheall ar chineál aonchineálach na dtáirgí breosla agus ar thrédhearcacht an mhargaidh. Tá na gnéithe margaidh seo tipiciúil freisin i gcás margadh na Slóivéine, ar margadh thar a bheith comhchruinnithe é freisin. Sa tSlóivéin, bhí na leibhéil éilimh agus soláthair réasúnta cobhsaí le himeacht ama agus tá an margadh an-trédhearcach, i.e. foilsítear praghsanna ar shuíomh gréasáin tiomnaithe an rialtais ar a dtugtar 'Goriva' agus taispeántar na praghsanna sin go beagnach san fhíor-am do na rannpháirtithe sa mhargadh.

(16) Maidir le hinbhuanaitheacht an chomhordaithe, tá trédhearcacht ard an mhargaidh i bhfabhar faireachán a dhéanamh ar phraghsanna atá éagsúil ó na praghsanna atá ard go saorga mar thoradh ar chomhordú. Ar na cúiseanna céanna, is féidir éagsúlacht ó leibhéil praghsanna mar thoradh ar chomhordú féideartha a bhrath go héasca agus d'fhéadfadh go ndéanfaí frithbheart láithreach bonn.

(17) Maidir le freagairt na ndaoine ón taobh amuigh, ní bheadh iomaitheoirí iarbhír agus iomaitheoirí ionchasacha in ann aon straitéis comhordúcháin a chur i mbaol mar gheall ar an easpa láithreachta suntasaí atá acu sa mhargadh agus mar gheall ar bhacainní arda ar iontráil.

(18) Ar deireadh, bheadh tionchar ag an Idirbheart ar dhreasachtaí an eintitis nua chun comhordú a dhéanamh de réir mar a éireoidh an margadh níos comhchruinnithe fós. Mar thoradh ar dhul ó thriúr go beirt ghníomhaithe mhóra, bheadh sé níos éasca faireachán a dhéanamh ar an iomaíocht. Chomh maith leis sin, maidir le dreasachtaí MOL chun iomaíocht a neartú, is dócha go laghdófaí na dreasachtaí sin tar éis an Idirbhirt, toisc go mbeidh MOL tar éis éirí i bhfad níos mó. Bheadh na sciartha den mhargadh a bheidh ag an eintitis nua agus ag Petrol ar an leibhéal náisiúnta i bhfad níos siméadracha, rud a d'fhágfadh go mbeadh an comhordú níos sochreidte agus níos rathúla.

6. **GEALLTANAIS**

(19) D'fhonn an tIdirbheart a dhéanamh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ghabh MOL air féin gréasán miondíola 39 stáisiún breosla ar fud na tíre sa tSlóivéin atá ag feidhmiú faoi láthair mar chuid de líonraí stáisiúin breosla na bPáirtithe (20 stáisiún MOL agus 19 stáisiún OMV) (an 'Gnó um Dhífheistiú', na 'Gealltanais'), a dhíol le Shell Adria d. o. o. (an 'Ceannaitheoir').

(20) Is é conclúid an Choimisiúin, i bhfianaise na nGealltanas a chuir na Páirtithe isteach, nach mbeidh an comhchruinniú ar tugadh ina leith ina chúis le bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh le haghaidh soláthar breosla miondíola ó stáisiúin neamh-DARS do chustaiméirí B2C mar thoradh ar éifeachtaí aontaobhacha neamh-chomhordaithe nó comhordaithe.

(21) Maidir le héifeachtaí neamh-chomhordaithe, áiritheoidh na gnóthais nach gcomhlíonfar go carnach an dá choinníoll seo a leanas in aon cheann de na 85 réimse achrannacha a d'aithin an Coimisiún: (i) go bhfuil sciar na bPáirtithe os cionn 40 %, agus (ii) go dtiocfaidh méadú níos mó ná 5 phointe céatadáin ar sciar comhpháirteach na bPáirtithe tar éis an Idirbhirt. Thairis sin, cruthóidh na gnóthais tríú gníomhaí suntasach ar an margadh náisiúnta sa tSlóivéin a ghníomhóidh mar fhórsa láidir iomaíoch a bheidh in ann brú iomaíoch a chur ar an eintiteas nua: gabhfaidh an Ceannaitheoir ról MOL mar thríú fórsa iomaíoch sa mhargadh.

(22) Chomh maith leis sin, i ndáil le héifeachtaí comhordaithe, ní thiocfaidh méadú ar an mbaol maidir le comhordú tar éis an Idirbhirt: ar an gcaoi chéanna le ról MOL roimh an tIdirbheart, feidhmeoidh an Ceannaitheoir mar fhórsa iomaíoch seachtrach a bheidh in ann agóid a dhéanamh i gcoinne aon chomhordaithe idir Petrol agus MOL.

(23) Bhí torthaí na dtástálacha margaidh dearfach do na gnóthais a chuir MOL isteach, dheimhnigh siad (i) go bhfuil an leigheas atá beartaithe oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a d'aithin an Coimisiún maidir le hiomaíocht, (ii) go mbeadh an Ceannaitheoir ina ghníomhaí inchreidte a bhuí leis an nGnó um Dhífheistiú, (iii) go bhfuil an Gnó um Dhífheistiú inmharthana agus (iv) gur iomchuí raon feidhme na sócmhainní a áirítear sa phacáiste réitigh.

7. **CONCLÚID**

(24) Ar na cúiseanna thuasluaite, is é conclúid an chinnidh, faoi réir comhlíontacht iomlán leis na Gealltanais arna dtabhairt, nach gcuirfidh an comhchruinniú atá beartaithe bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh inmheánach nó i gcuid shubstaintiúil de.

(25) Dá bharr sin, ba cheart a dhearbhú go bhfuil an comhchruinniú comhoiriúnach leis an Margadh Inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus le hAirteagal 8(2) den Rialachán um Chumaisc agus le hAirteagal 57 de Chomhaontú LEE.